Daoine

Ar Leith

TG4 Foghlaim

Bac is Bua: Réamhobair

A Plé ranga.

- [ ] An bhfuil aithne agat ar dhuine ar bith atá faoi mhíchumas?
- [ ] Céard iad na bacanna ar leith a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas, dar leat?
- [ ] An bhfuil do scoil curtha in oiriúint do dhaoine faoi mhíchumas?

B Meaitseáil an focal leis an mbrí atá leis.

faoi mhíchumas	*people with a disability*
comhdheiseanna	*learning disability*
seirbhísí ar leith	*impediment*
daoine faoi mhíchumas	*disability*
bac	*equal opportunities*
míchumas	*special learning needs*
riachtanais speisialta oideachais	*with a disability*
míchumas foghlama	*particular services*

C Líon na bearnaí leis na focail ó Chuid B thuas.

1. Tá _____ ag cúpla duine sa scoil agus cuirtear cabhair bhreise ar fáil dóibh.
2. Tá _____ ag teastáil ó dhaoine faoi mhíchumas.
3. Deirtear nach mbíonn _____ ar pháiste ar bith buntáiste a bhaint as oideachas lán-Ghaeilge, is cuma cén teanga baile ná cén cumas foghlama atá acu.
4. Tá sé ceart go mbeadh tacaíocht bhreise ar fáil do _____.
5. Ná páirceáil i spásanna atá in áirithe do thiománaithe _____.
6. Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh _____ ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas.
7. Tá cur chuige difriúil ag teastáil ó dhaoine a bhfuil acu.
8. Is é Finian McGrath an tAire Stait a bhfuil freagracht air maidir le _____, comhionnanas, meabhairshláinte agus daoine scothaosta.

© TG4 Foghlaim 2016

Daoine

Ar Leith

TG4 Foghlaim

Bac is Bua: Mír a hAon

A Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén aois í Róisín?

- [ ] Sé mbliana déag d'aois
- [ ] Fiche bliain d'aois
- [ ] Bliain is fiche

2. Cén fáth a bhfuil Róisín speisialta, dar léi?

- [ ] Mar is páiste aonair í
- [ ] Mar gurb í an t-aon chailín sa chlann í
- [ ] Mar tá siondróm Down uirthi

3. Cén áit sa chlann atá Róisín?

- [ ] Is í is sine
- [ ] Tá sí díreach sa lár
- [ ] Is í is óige

B Plé ranga.

Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- Céard iad na riachtanais ar leith atá ag dream a bhfuil siondróm Down orthu, dar leat?
- Cé na rudaí is féidir a dhéanamh le cuidiú le daoine a bhfuil siondróm Down orthu (a) ar scoil agus (b) sa ghnáthshaol?

Nótaí

© TG4 Foghlaim 2016

Daoine

Ar Leith

TG4 Foghlaim

Bac is Bua: Mír a Dó

A Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén aois í Elwa?

- [ ] * bhliain d'aois
- [ ] Trí bliana d'aois
- [ ] Ceithre bliana d'aois

2. Cathain a fuair a tuismitheoirí amach go raibh siondróm Down ar Elwa?

- [ ] Ag thart ar fhiche seachtain
- [ ] Nuair a rugadh í
- [ ] Cúpla mí tar éis di teacht abhaile

3. Céard é an rud atá speisialta faoin gcaidreamh atá ag na cailíní, dar le Conor?

- [ ] Tá na cailíní an-chosúil le chéile
- [ ] Téann siad go dtí an scoil chéanna
- [ ] Tá siad gar dá chéile in aois

B Obair ghrúpa.

Le do ghrúpa, ullmhaigh bileog eolais maidir le daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu i do scoil. Bíodh cúig phointe gníomhaíochta ar a laghad ar an mbileog eolais.

Nótaí

© TG4 Foghlaim 2016

Daoine

Ar Leith

TG4 Foghlaim

Bac is Bua: Mír a Trí

A Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Céard a dhéanann Muintearas?

- [ ] Is comhlacht earcaíochta do mhúinteoirí atá ann
- [ ] Is eagraíocht cúraim leanaí atá ann
- [ ] Foilsíonn siad leabhair i nGaeilge

2. Ar bhfearr le Róisín a bheith ag obair nó a bheith ar an gcoláiste?

- [ ] Bheith ar an gcoláiste
- [ ] Bheith ag obair

3. Céard nach dtaitníonn le Róisín faoin obair?

- [ ] Bíonn uirthi éirí go luath ar maidin
- [ ] Tá sé beagáinín leadránach
- [ ] Tá a cuid cairde ag obair i bhfad ó bhaile

4. Dar le Seán, céard é an tréith dhearfach is mó atá ag Róisín?

- [ ] Tá fíormhisneach aici
- [ ] Tá sé an-díograiseach
- [ ] Tá féith an ghrinn inti

B Cur i láthair.

Le do pháirtí ranga, déan taighde ar mhíchumas ar leith agus ullmhaigh cur i láthair bunaithe ar an míchumas sin.

Nótaí

© TG4 Foghlaim 2016